Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Feabhra 2022**
**(OR. en)**

**6120/22**

**CFSP/PESC 149**
**COPS 58**
**CLIMA 60**
**DEVGEN 23**
**ENV 113**
**ONU 20**
**RELEX 159**
**NDICI 5**
**SUSTDEV 42**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 6118 2022 & ST 6118 2022 COR1 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Taidhleoireacht Aeráide an Aontais: dlús a chur le cur chun feidhme thorthaí Ghlaschú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Taidhleoireacht Aeráide an Aontais: dlús a chur le cur chun feidhme thorthaí Ghlaschú, mar a d’fhormheas an Chomhairle iad ag an gcruinniú a bhí aici an 21 Feabhra 2022.

**IARSCRÍBHINN**

# Conclúidí ón gComhairle maidir le Taidhleoireacht Aeráide an Aontais: dlús a chur le cur chun feidhme thorthaí Ghlaschú

1. Is díol sásaimh don Chomhairle an toradh a bhí ar Chomhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide i nGlaschú (COP26), go háirithe na spriocanna nua laghdaithe astaíochtaí, na cuspóirí maidir le hastaíochtaí nialasacha agus na straitéisí fadtéarmacha a fógraíodh, agus is díol sásaimh di gur aithníodh an phráinn níos mó atá le gníomhaíocht agus comhar a uas-scálú i dtaca le hoiriúnú don athrú aeráide, athléimneacht agus caillteanas agus damáiste de thoradh athrú aeráide arb é an duine is cúis leis a sheachaint, a íoslaghdú agus aghaidh a thabhairt air. Ina theannta sin, is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil rún daingean ag na Páirtithe leanúint de na hiarrachtaí teorainn 1.5 °C a chur leis an méadú teochta, lena n-éilítear laghduithe tapa, doimhne, leanúnacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa domhanda sna deich mbliana atá romhainn agus is mór aici an gealltanas cumhacht ghuail neamh-mhaolaithe a thabhairt chun deiridh trína laghdú de réir a chéile, agus trí dheireadh a chur le fóirdheontais do bhreoslaí iontaise neamhéifeachtúla. Ag an am céanna, athdhearbhaíonn an Chomhairle an t-ardleibhéal uaillmhéine a bhaineann le taidhleoireacht aeráide an Aontais agus iarrann sí go ndéanfaí gníomhaíochtaí nithiúla lena gcuirfí i dtábhacht go bhfuil gá le claochlú daingean cóir ar fud an domhain i dtreo na haerdáidneodrachta, lena n-áirítear gual neamh-mhaolaithe i dtáirgeadh fuinnimh a chéimniú amach agus – mar chéad chéim – deireadh láithreach a chur leis an maoiniú uile le haghaidh bonneagar guail nua i dtríú tíortha, agus gach infheistíocht bhreise i dtionscadail bonneagair fuinnimh atá bunaithe ar bhreosla iontaise i dtríú tíortha a dhíspreagadh, mura bhfuil siad ag teacht go hiomlán le conair uaillmhianach arna sainiú go soiléir chun aeráidneodracht a bhaint amach i gcomhréir le cuspóirí fadtéarmacha Chomhaontú Pháras agus an eolaíocht is fearr dá bhfuil ar fáil. Is díol sásaimh di freisin na tionscnaimh earnála a seoladh, *inter alia*, ag Cruinniú Mullaigh na gCeannairí Domhanda agus gur tugadh Comhshocrú Aeráide Ghlaschú i gcrích. Oibreoidh an tAontas agus a Bhallstáit go gníomhach ar a gcur chun feidhme. Is céim shuntasach chun tosaigh é gur críochnaíodh leabhar rialacha Katowice de Chomhaontú Pháras, rud a fhágann gur féidir Comhaontú Pháras a chur chun feidhme ina iomláine.

2. Mar sin féin, fiú agus na spriocanna agus na gealltanais uile mar a fógraíodh i nGlaschú á mbaint amach ina n-iomláine, tá baol suntasach ann i gcónaí go gclisfear ar an téamh domhanda a theorannú go mór faoi bhun 2 °C, cé go bhfuilimid ag díriú ar 1.5 °C. Tháinig méadú géar ar astaíochtaí breosla iontaise domhanda in 2021 go leibhéil réamhphaindéime agus tá seans ann nach bhfuil a mbuaicleibhéal bainte amach go fóill. Tá géarghá, dá bhrí sin, le tuilleadh iarrachtaí domhanda maidir le maolú agus oiriúnú araon, ós rud é go mbeidh drochthionchair thromchúiseacha ar dhaoine agus ar a dtimpeallacht ag gach codán de chéim téimh dhomhanda a bheidh os cionn 1.5 °C, mar a dhearbhaítear san fhianaise eolaíoch a thíolaic an Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC)[1].

3. Leis an Dlí Aeráide Eorpach, spriocanna laghdaithe astaíochtaí atá uaillmhianach agus ceangailteach ó thaobh dlí do 2030 agus aeráidneodracht faoi 2050, ar a dhéanaí, agus an pacáiste reachtach maidir leis an aeráid mar a mholtar faoin gComhaontú Glas, tá gníomhaíocht dhiongbháilte chinntitheach á déanamh ag an Aontas chun mearghlacadh a áirithiú, agus fios aige go bhfuil a thionchar taidhleoireachta seachtrach ag brath ar neart bheartais intíre an Aontais agus na réiteach nuálach atá ag tionsclaíocht agus gnólachtaí an Aontais. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Aontas freisin gealltanais ó earnálacha éagsúla amhail earnáil an iompair, lena n-áirítear loingseoireacht. Leagtar amach sna Conclúidí seo ón gComhairle ár dtosaíochtaí chun dlús a chur le cur chun feidhme thorthaí Ghlaschú COP26 tríd an Taidhleoireacht Aeráide in 2022, ag tógáil ar Chonclúidí a bhí ann roimhe seo, go háirithe ar Thaidhleoireacht Aeráide agus Fuinnimh an 25 Eanáir 2021.

4. Tá an t-athrú aeráide ina bhagairt eiseach don chine daonna. Beidh cur chun feidhme iomlán Chomhaontú Pháras agus comhlíonadh na ngealltanas a tugadh ag COP26, ag obair i gcomhpháirtíocht le COP27 in Sharm el-Sheikh agus le COP28 in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar an éigeandáil aeráide. Rachaidh an tAontas agus a Bhallstáit, trí chur chuige comhpháirteach 'Foireann na hEorpa', i mbun plé le comhpháirtithe ar fud an domhain chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ann go fóill agus atá ag teacht chun cinn agus oibreoidh siad go gníomhach ar thionscnaimh agus glaonna éagsúla earnála a d'eascair as Comhdháil Ghlaschú a chur chun feidhme. Déanfaidh an tAontas a dhícheall tacú le hobair Uachtaránacht COP27 na hÉigipte chun toradh uaillmhianach a bhaint amach.

---

[1] Ina obair ullmhúcháin le déanaí do na Séú Tuarascálacha Measúnaithe de chuid IPCC ó Mheithle I, II agus III, agus na trí Thuarascáil Speisialta maidir le Téamh Domhanda 1.5 °C, an tAthrú Aeráide agus an Talamh, An tAigéan agus an Crióisféar in Aeráid atá ag Athrú. Féach https://www.ipcc.ch/reports/.

5. Is díol sásaimh don Aontas gach gealltanas nua agus aighneacht maidir le Rannchuidithe arna gCinneadh go Náisiúnta (NDC) lena ngabhann uaillmhian fheabhsaithe agus Straitéisí Fadtéarmacha. Meabhraítear don Aontas gur iarradh ar na Páirtithe uile féachaint arís ar spriocanna 2030 ina gcuid NDCanna de réir mar is gá chun iad a ailíniú le sprioc teochta Chomhaontú Pháras faoi dheireadh 2022, Straitéisí Fadtéarmacha a thíolacadh, agus iarrann sé ar na Páirtithe uile, go háirithe ar chomhaltaí G20 nach bhfuil na spriocanna reatha atá acu do 2030 agus don fhadtéarma ag teacht le sprioc teochta Chomhaontú Pháras, a n-uaillmhian aeráide a mhéadú in 2022 agus spriocanna laghdaithe astaíochtaí ar fud an gheilleagair mar aon le haeráidneodracht faoi lár na haoise a chur chun cinn.

6. Is tosaíocht don Aontas é dul chun cinn a dhéanamh maidir le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 7 ionas go n-áiritheofar rochtain ar fhuinneamh inacmhainne, iontaofa, inbhuanaithe agus nua-aimseartha do chách. Ós amhlaidh atá, oibreoidh an tAontas go dlúth lena chomhpháirtithe, lena n-áirítear a chomhpháirtithe san Afraic, chun tacú le rochtain uilíoch ar theicneolaíochtaí ísealcharbóin atá sábháilte agus inbhuanaithe, ar éifeachtúlacht fuinnimh agus ar bhonneagar idirnasctha fuinnimh a fhorbairt, lena mbainfear na buntáistí is fearr is féidir as aistriú chuig foinsí fuinnimh inathnuaite. Chuige sin, bainfear úsáid as an Tionscnamh um Fhuinneamh Glas idir an Afraic agus an Eoraip chun cistiú príobháideach agus poiblí a ghiaráil le haghaidh tionscadail fuinnimh agus athchóirithe i gcomhréir le cuspóirí fadtéarmacha Chomhaontú Pháras agus trí chur chuige comhpháirteach ‘Foireann na hEorpa’. Ina chuid iarrachtaí, san Afraic agus le comhpháirtithe eile ar fud an domhain, cuirfidh an tAontas le torthaí na gComhairlí Aistrithe Fuinnimh agus Idirphlé Ardleibhéil na Náisiún Aontaithe i ndáil le Fuinneamh.

7. Is dlúthchuid i gcónaí í taidhleoireacht aeráide de bheartas eachtrach agus slándála an Aontais agus is tosaíocht chomhpháirteach í atá ag éirí níos tábhachtaí maidir le hidirphlé agus comhar an Aontais agus na mBallstát le tríú tíortha agus le tríú réigiúin [mar a léiríodh ag an gCruinniú Mullaigh idir an tAontas agus an tAontas Afracach an 17-18 Feabhra, ag an gcruinniú den Chomhairle seo le Comhairle Chomhair na Murascaille] agus comhpháirtíochtaí déthaobhacha agus iltaobhacha eile arna dtionscnamh ag an Aontas agus ag na Ballstáit. Léirítear tábhacht mhéadaitheach an athraithe aeráide inár gcaidreamh leis na comhpháirtithe freisin i dtionscnaimh chomhpháirteacha réamhbhreathnaitheacha ina bhfuil ról lárnach ag an aeráid, amhail i nDearbhú Chruinniú Mullaigh Chomhpháirtíocht an Oirthir mhí na Nollag 2021, sa Chlár Oibre Glas do na Balcáin Thiar, agus i Straitéis an Aontais don chomhar san Aigéan Ciúin, lena réitítear an bealach dár gcomhar. Tacóidh an tAontas le huaillmhianta thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir agus na mBalcán Thiar chun dul i ngleic le dúshláin chomhshaoil agus aeráide agus lena n-ailíniú le *acquis* an Aontais. Dá réir sin, is cuid lárnach é an gníomhú ar son na haeráide de bhosca uirlisí beartais sheachtraigh an Aontais agus tá dlúthnasc aige le Clár Oibre 2030 níos leithne don Fhorbairt Inbhuanaithe mar a léireofar, i measc nithe eile, ag Comhdháil Stócólm + 50 na Náisiún Aontaithe atá ar na bacáin.

8. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil baol ag baint le héifeachtaí díreacha agus indíreacha an athraithe aeráide, chailliúint na bithéagsúlachta agus dhíghrádú an chomhshaoil maidir le cearta an duine a bhaint amach, slándáil an duine agus slándáil an stáit, rud a bhaineann an bonn den tsíocháin agus den chobhsaíocht dhomhanda agus a chuireann dlús nó a dhoimhníonn go minic na leochaileachtaí agus an éagobhsaíocht atá ann cheana. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus comhlachtaí eile de chuid na Náisiún Aontaithe ag díriú níos mó ar an nasc idir an aeráid, an tsíocháin agus an tslándáil. Cé gur crosadh é, léirigh an tacaíocht leathan a thug 113 thír do Rún téamach mhí na Nollag 2021 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir leis na himpleachtaí slándála a bhaineann leis an athrú aeráide, go n-admhaítear go forleathan tábhacht an choincheapa sin, dá bhfuil an tAontas tiomanta i gcónaí. Chuige sin, is díol sásaimh don Chomhairle Coincheap an Aontais maidir le Cur Chuige Comhtháite i leith an Athraithe Aeráide agus na Slándála, lena mbunaítear creat chun aghaidh a thabhairt ar an nasc idir an aeráid, an tsíocháin agus an tslándáil i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais agus iarrann sí go gcuirfí chun feidhme go láidir é. Iarrann an Chomhairle ar SEGS oibríochtú an Choincheapa maidir le hIdirghabháil Síochána an Aontais a neartú chun tacú le coinbhleachtaí a réiteach, ar toradh ar an athrú aeráide iad. Is díol sásaimh di freisin an obair chomhpháirteach mhéadaithe ar na saincheisteanna sin idir an tAontas, córas na Náisiún Aontaithe, ESCE agus ECAT.

9. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún agus le Ballstáit an Aontais, leanúint de Thaidhleoireacht Aeráide ghníomhach agus den chomhar leis na comhpháirtithe in oirchill chruinniú COP27 agus dlús a chur leis an méid sin, spriocanna níos uaillmhianaí a leagan síos, gníomhaíochtaí maolúcháin agus oiriúnúcháin a neartú ar fud an domhain agus conaire shoiléir a shocrú le beartais nithiúla cur chun feidhme darb aidhm gníomhaíocht nithiúil a dhéanamh in 2022 de na dearbhuithe intinne a cuireadh in iúl i nGlaschú, lena léireofar go bhféadfar poist nua, deiseanna eacnamaíocha agus sóisialta atá i gcomhréir le conair aeráidneodrach teacht as an aistriú glas. Sa chomhthéacs sin, leanfaidh an tAontas de bheith ag obair chun tuilleadh comhpháirtíochtaí agus comhghuaillíochtaí glasa a bhunú.

10. Athdhearbhaíonn an Chomhairle an gá atá le cearta an duine a chomhtháthú go córasach sa ghníomhú ar son na haeráide agus sa taidhleoireacht fuinnimh. Sa chomhthéacs sin, leanfaidh an tAontas den chomhionannas inscne agus de chumhachtú na mban agus na gcailíní a chaomhnú, a chosaint agus a chur chun cinn. Thairis sin, leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú le rannpháirteachas agus rannpháirtíocht fhóinteach na hóige sa phróiseas cinnteoireachta maidir le próisis ag a bhfuil impleachtaí don athrú aeráide, lena n-áirítear trí thacaíocht a thabhairt don tionscnamh 'Youth4Climate'.

11. Aithníonn an Chomhairle gur bac ar an bhforbairt ghlas inbhuanaithe fós í an easpa maoinithe leordhóthanaí le haghaidh aistrithe fuinnimh atá athléimneach agus cóir i dtíortha meánioncaim agus ísealioncaim. I bhfianaise an mhéid sin, leanfaidh an tAontas, lena n-áirítear tríd an Tairseach Dhomhanda, de thairiscint inbhuanaithe ghlas dhearfach a chur ar fáil do chomhpháirtithe chun bonneagar iontaofa fuinnimh, iompair agus digiteach a bheidh aeráid-díonach a fhorbairt, agus ag an am céanna cur le timpeallacht infheistíochta intuartha agus le cobhsaíocht idirnáisiúnta.

12. De mheon 'Foireann na hEorpa', comhoibreoidh agus déanfaidh Toscaireachtaí an Aontais comhar rialta, i gcomhpháirt le Ballstáit an Aontais, le rialtais, le gnólachtaí agus leis an tsochaí shibhialta, lena n-áirítear ionadaithe na hóige i dtíortha comhpháirtíochta, i dtaca leis an aeráid, an bhithéagsúlacht, bainistiú uisce agus pleananna agus gníomhaíochtaí comhshaoil agus chun féachaint an bhféadfaí tuilleadh comhair a dhéanamh.

13. Ba cheart go spreagfadh na hiarrachtaí taidhleoireachta sin tíortha comhpháirtíochta agus réigiúin chomhpháirtíochta chun beartais aeráide earnála a chur chun feidhme, ar beartais iad atá le comhlánú le beartais náisiúnta praghsála carbóin agus le margaí idirnáisiúnta carbóin, tar éis leabhar rialacha Katowice de Chomhaontú Pháras a bheith críochnaithe, agus an chaibidlíocht atá ar siúl ar an leibhéal idirnáisiúnta maidir le hearnálacha sonracha eacnamaíocha á haithint ag an am céanna. Measann an tAontas gur uirlis chostéifeachtach chun astaíochtaí a shrianadh é margaí carbóin a fhorbairt. Is é is aidhm don sásra coigeartaithe teorann carbóin, atá á mheas faoi láthair ag comhreachtóirí an Aontais, sláine chomhshaoil na mbeartas aeráide a áirithiú agus sceitheadh carbóin a sheachaint, ar bhealach atá comhoiriúnach leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála.

14. Is díol sásaimh don Chomhairle é gur admhaigh G7 agus G20 nach bhfuil infheistíocht leanúnach dhomhanda i nginiúint cumhachta guail neamh-mhaolaithe ag luí le sprioc 1.5 °C a bhaint amach. Ba an chéad chéim riachtanach é an gealltanas deireadh a chur le tacaíocht phoiblí idirnáisiúnta do ghiniúint cumhachta galghuail neamh-mhaolaithe faoi dheireadh 2021 agus tacóidh an tAontas le cathaoirligh G7 na Gearmáine agus G20 na hIndinéise chun leanúint de na hiarrachtaí agus an plé a mhéadú. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin i bhfianaise chúlra réamhaisnéis na Gníomhaireachta Fuinnimh Idirnáisiúnta go bhféadfaí an t-éileamh foriomlán guail ardleibhéal nár baineadh amach riamh a shroicheadh in 2022 agus fanacht ar an leibhéal sin go ceann 2 bhliain ina dhiaidh sin. Tá géarghá le tuilleadh gníomhaíochta sa réimse sin agus i réimsí gaolmhara chun cuspóirí Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh.

15. Is díol sásaimh don Chomhairle an Chomhpháirtíocht um Aistriú Fuinnimh Cóir leis an Afraic Theas agus tá sí ag tnúth le cur i ngníomh na comhpháirtíochta sin in 2022. Iarrann sí ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún, chomh maith leis na Ballstáit, BEI, Bainc Forbartha Iltaobhacha agus comhpháirtithe eile, i gcomhghuaillíochtaí tacaíochta, féachaint, roimh COP27, ar dheiseanna le haghaidh comhpháirtíochtaí breise, agus teagmháil a dhéanamh le tíortha atá ag brath go mór ar chumhacht ghualbhreoslaithe nó ar mhianadóireacht guail chun éifeacht a thabhairt dá chéimniú amach agus chun tacú le comhpháirtithe ina bhforbairt inbhuanaithe. Molann an Chomhairle go gcuirfí leis na tionscnaimh agus leis an taithí atá ar bun i láthair na huaire leis an Tionscnamh um Réigiúin Ghuail i mbun Aistriú sna Balcáin Thiar agus san Úcráin, agus go bhforbrófaí a thuilleadh an comhar lena ndírítear ar aistriú forbartha cóir agus inbhuanaithe le comhpháirtithe, go háirithe i gComharsanacht an Aontais Eorpaigh.

16. Iarrann an Chomhairle freisin ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún dlús a chur leis an obair agus leis an bhfor-rochtain idirnáisiúnta maidir le deireadh a chur, de réir amlíne shoiléir, le fóirdheontais do bhreoslaí iontaise atá díobhálach don chomhshaol, agus é mar aidhm garspriocanna a leagan síos dá gcéimniú amach, lena n-áirítear trí EDT agus i gcomhthéacs an idirphlé maidir le hathchóiriú na bhfóirdheontas breoslaí iontaise in ECFE. Tacaíonn an tAontas freisin le nuachóiriú shocruithe ECFE maidir le creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil.

17. Is díol sásaimh don Chomhairle sprioc an Ghealltanais Dhomhanda maidir le Meatán, arna chomóradh ag an Aontas agus ag na Stáit Aontaithe, chun astaíochtaí meatáin a laghdú 30 % ar fud an domhain faoi 2030 ó leibhéil 2020, agus molann sí na Páirtithe, a bhfuil níos mó ná 100 ceann acu ann, a gheall go mbainfidís na spriocanna sin amach. Gríosaíonn sí an tArdionadaí agus an Coimisiún saothrú ar an obair leantach oibríochtúil, i gcomhar le páirtithe ábhartha eile, agus an bonn tacaíochta atá aige a leathnú a thuilleadh. Sa chomhthéacs sin, tacaíonn an Chomhairle le neartú breise na Faireachlainne Idirnáisiúnta um Astaíochtaí Meatáin.

18. Aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé an ghníomhaíocht chomhoibritheach idirnáisiúnta a neartú i ndáil le forbairt agus aistriú teicneolaíochta, amhail faoi chuimsiú na Comhairle Trádála agus Teicneolaíochta agus na Comhairle Fuinnimh idir an tAontas agus Stáit Aontaithe Mheiriceá. Gríosaíonn an Chomhairle tíortha a bheith rannpháirteach, ar bhealach tionchardhírithe, sa tionscnamh Mission Innovation agus i ngníomhaíochtaí eile lena gceadaítear teicneolaíochtaí nuálacha a imscaradh go forleathan.

19. Tugann an Chomhairle dá haire agus is oth léi nár comhlíonadh an gealltanas comhchoiteann a thug tíortha forbartha $100 billiún in aghaidh na bliana a shlógadh faoi 2020. Tacaíonn an tAontas go láidir leis an treochlár a leagtar amach i bPlean Seachadta COP26 maidir le Maoiniú don Aeráid agus tathantaíonn sé ar gach ceann eile de na Páirtithe lena mbaineann, ar tíortha forbartha iad, rannchuidiú leis an sprioc slógtha, dar méid $100 billiún, a bhaint amach in 2022 ach is cinnte tráth nach déanaí ná 2023.

20. Tugann an Chomhairle dá haire gurb iad an tAontas agus na Ballstáit is mó a ranníocann leis an maoiniú poiblí don aeráid; gheall siad €23.39 billiún in 2020, méadú faoi dhó ó bhí 2013 ann, i maoiniú poiblí idirnáisiúnta. Leanfaidh an tAontas agus na Ballstáit dá n-iarrachtaí dlús a chur leis an maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide. Ar an gcaoi sin, tugann an Chomhairle dá haire agus is díol sásaimh di gur gheall an Coimisiún, anuas ar an sprioc chaiteachais dar méid 30 % a leagtar síos san Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar – An Eoraip Dhomhanda (2021-2027), 4 bhilliún euro breise don mhaoiniú don aeráid go dtí 2027, arb ionann sin agus sprioc chaiteachais dar méid 35 % le haghaidh maoiniú don aeráid. Is iarracht gan fasach é, mar sin, an méid atá á dhéanamh ag an Aontas Eorpach chun dul i ngleic leis an athrú aeráide.

21. Iarrann an tAontas freisin ar Pháirtithe eile cur leis an maoiniú don aeráid má tá siad in ann é sin a dhéanamh. Tá an tAontas ag tnúth freisin le dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an bplé ar an Sprioc Nua Chainníochtaithe Chomhchoiteann tar éis 2025 arb é an bonn taca a bheidh faoi nach mór sreabha airgeadais a thabhairt ar aon dul leis an gconair ionsar fhorbairt aeráidneodrach athléimneach. Iarrann an tAontas go práinneach ar na Páirtithe uile, na Bainc Forbartha Iltaobhacha (MDBanna), institiúidí airgeadais eile agus an earnáil phríobháideach feabhas a chur ar shlógadh an mhaoinithe, i gcomhréir le spriocanna maolaithe agus oiriúnaithe Chomhaontú Pháras. Ag an am céanna, iarrann an Chomhairle go gcuirfí leis an trédhearcacht agus go ndéanfaí faireachán, tuairisciú agus meastóireacht níos córasaí ar na húsáidí a bhaintear as an maoiniú don aeráid. Cuireann an tAontas i dtreis freisin gur gá feabhas a chur ar an rochtain ar an maoiniú don aeráid ó chistí idirnáisiúnta, agus an rómhaorlathas a laghdú, chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na bpobal agus na dtíortha is leochailí ó thaobh thionchair an athraithe aeráide de, go háirithe na Tíortha is Lú Forbairt agus na Stáit Oileánacha Bheaga atá i mBéal Forbartha.

22. Tá ról catalaíoch ag MDBanna agus ag na hInstitiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta (IFInna) maidir le slógadh airgid na hearnála príobháidí agus maidir leis na sreabha airgeadais domhanda a aistriú ionsar infheistíochtaí inbhuanaithe glasa. Molann an Chomhairle go ndéanfaí cláir oibre agus punanna MDBanna agus IFInna a ghlasú agus a ailíniú a thuilleadh le Comhaontú Pháras agus leis an sprioc 1.5 °C, trí spriocanna aeráide Chomhaontú Pháras a phríomhshruthú sna hoibríochtaí go léir, agus cuireann sí i dtreis a thábhachtaí atá sé tacú leis an sprioc sin ar bhealach comhordaithe trí na boird. Molann sí freisin d’institiúidí iltaobhacha ábhartha machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar cheart leochaileachtaí aeráide a léiriú i soláthar agus slógadh acmhainní airgeadais lamháltais agus cineálacha eile tacaíochta. Is díol sásaimh don Aontas na céimeanna atá tugtha ag na Bainc Cheannais chun tacú le glasú an chórais airgeadais agus molann sí do ghníomhaireachtaí náisiúnta creidmheasa onnmhairiúcháin iarrachtaí breise a dhéanamh freisin. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh dó an obair atá á déanamh ag an mBanc Eorpach Infheistíochta, mar cheannródaí, ag an mBanc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha, agus ag Grúpa an Bhainc Dhomhanda agus ag institiúidí forbartha agus airgeadais eile. Molann an Chomhairle go sainráite freisin do dhaonchairdis agus gníomhaithe airgeadais príobháideacha tacú le gníomhaíocht uaillmhianach ar son na haeráide i dtríú tíortha.

23. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún tacú le glacadh domhanda na gcaighdeán airgeadais inbhuanaithe agus comhleanúnachas a chur chun cinn le cleachtais airgeadais inbhuanaithe, le nochtaí a bhaineann leis an inbhuanaitheacht, agus le Treoir an Aontais maidir le tionscadail bhonneagair a dhíonadh ar an athrú aeráide, go háirithe trí chomhar idirnáisiúnta a neartú tríd an Ardán Idirnáisiúnta um Maoiniú Inbhuanaithe agus trí thionscnaimh ábhartha eile amhail Comhghuaillíocht na nAirí Airgeadais do Ghníomhú ar son na hAeráide.

24. Is díol sásaimh don Chomhairle an aird mhéadaithe a thugtar ar oiriúnú don athrú aeráide agus an fuadar méadaithe maidir le cur chun feidhme, faireachán agus tacaíocht don athléimneacht agus don oiriúnú a uas-scálú. Is díol sásaimh don Aontas an sprioc a socraíodh i nGlaschú soláthar comhchoiteann an mhaoinithe don aeráid le haghaidh oiriúnú a dhúbailt ar a laghad faoi 2025 ó leibhéil 2019. Beidh an tAontas ar thús cadhnaíochta, mar a chuirtear in iúl ina Theachtaireacht maidir le hOiriúnú, agus tathantaíonn sé ar dhaoine eile páirt a ghlacadh sna hiarrachtaí sin. Molann an tAontas freisin do thíortha eile teachtaireachtaí maidir le hoiriúnú a chur isteach roimh COP27 agus is díol sásaimh dó tionscnaimh chun an maoiniú le haghaidh oiriúnú a mhéadú, amhail Grúpa neamhfhoirmiúil na gCuradh um Maoiniú le haghaidh Oiriúnú.

25. Aithníonn an tAontas agus na Ballstáit a thábhachtaí atá sé an Sprioc Dhomhanda maidir le hOiriúnú a bhaint amach chun Comhaontú Pháras a chur chun feidhme go hiomlán agus go héifeachtach, is díol sásaimh dóibh gur seoladh clár oibre dhá bhliain Ghlaschú / Sharm el-Sheikh maidir leis an Sprioc Dhomhanda maidir le hOiriúnú, agus rannchuideoidh siad go gníomhach lena chur chun feidhme d'fhonn feabhas a chur ar an ngníomhú le haghaidh oiriúnú agus cur leis an bhforbairt inbhuanaithe.

26. Tá an tAontas ag tnúth le bheith rannpháirteach go réamhghníomhach in Idirphlé Ghlaschú chun plé a dhéanamh ar na socruithe maidir le gníomhaíochtaí a mhaoiniú chun caillteanas agus damáiste a bhaineann le héifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide a sheachaint, a íoslaghdú agus a ghleic, agus an nasc bunúsach leis an gclár oibre níos leithne don fhorbairt inbhuanaithe agus leis an gcúnamh daonnúil á chur i dtreis aige, agus cuireann sé in iúl go bhfuil sé tiomanta d'obair a dhéanamh chun an tIdirphlé a thabhairt chun críche ar bhealach rathúil. Is díol sásaimh don Aontas tionscnaimh eile arb aidhm leo córais luathrabhaidh, pleanáil theagmhasach agus maoiniú agus árachas riosca aeráide a neartú agus a leathnú chun cosaint chórasach chomhleanúnach mharthanach a áirithiú do dhaoine agus tíortha bochta leochaileacha.

27. Aithníonn an Chomhairle gur minice a bheidh orainn déileáil le caillteanas agus damáiste mar thoradh ar athrú aeráide ar fud an domhain, lena n-áirítear san Aontas, agus admhaíonn sí go bhfuil a lán tíortha leochaileacha neamhchosanta cheana féin ar éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide agus gurb iad is lú atá in ann déileáil leis na hiarmhairtí a eascraíonn as sin. Athdhearbhaíonn an tAontas a phráinní atá sé gníomhaíocht agus tacaíocht a uas-scálú chun caillteanas agus damáiste a sheachaint, a íoslaghdú agus a ghleic agus leanfaidh sé den tacaíocht chun líonra Santiago a oibríochtú a thuilleadh chun feabhas a chur ar an gcomhar idirnáisiúnta. Tathantaíonn an tAontas ar na comhpháirtithe ábhartha uile ó na réigiúin uile rannchuidiú le cur chun feidhme éifeachtach an Líonra mar a comhaontaíodh ag COP26. Cuireann an Chomhairle i dtreis a phráinní atá sé bearta nithiúla a dhéanamh ar an láthair, ar an gcéad dul síos trí mhaoiniú le haghaidh oiriúnú agus athléimneacht a uas-scálú, iarrachtaí idirnáisiúnta a mhéadú agus feabhas a chur ar chomhleanúnachas agus comhordú idir eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha agus comhpháirtithe eile, lena n-áirítear trí Chreat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaiste.

28. Agus í ag gníomhú ar son na haeráide, cuireann an Chomhairle i dtábhacht a thábhachtaí atá caomhnú agus athshlánú na bithéagsúlachta agus na n-éiceachóras uile, lena n-áirítear foraoisí agus aigéin, agus cuireann sí chun suntais an ról ríthábhachtach atá ag réitigh dhúlrabhunaithe, i bhfianaise Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an mBithéagsúlacht COP15 atá ar na bacáin. Aithníonn an Chomhairle freisin an ról ríthábhachtach atá ag na haigéin maidir leis an athrú aeráide a mhaolú agus oiriúnú dó agus cuireann sí i dtreis a thábhachtaí atá an plé iltaobhach a bheidh ar siúl in 2022, lena n-áirítear Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis na hAigéin i Liospóin.

29. Sa chomhthéacs sin, cuireann an Chomhairle chun suntais freisin a thábhachtaí atá Dearbhú Cheannairí Ghlaschú maidir le Foraoisí agus Úsáid Talún, dár thug 141 sínitheoir tacaíocht, lena n-áirítear an tAontas agus na Ballstáit, agus an Gealltanas Domhanda maidir le Maoiniú Foraoise is bonn taca leis, chun stop a chur leis an dífhoraoisiú agus cailliúint foraoise agus díghrádú talún a aisiompú tráth nach déanaí ná 2030 agus iarrann sí ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún, i dteannta gach sínitheora eile, obair leantach a dhéanamh ar a chur chun feidhme trí Chomhpháirtíochtaí Eorpacha Foraoise a chur chun cinn agus luachshlabhraí idirnáisiúnta gan dífhoraoisiú a fhorbairt agus a chur chun cinn, i measc nithe eile.

30. Ós rud é go bhfuil dlúthbhaint ag an mbeartas fuinnimh leis na dúshláin dhomhanda i gcomhrac an athraithe aeráide, tá an Chomhairle ag súil le Teachtaireacht nua, ón Ardionadaí agus ón gCoimisiún, maidir le Straitéis Rannpháirtíochta Fuinnimh Idirnáisiúnta.

31. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún taidhleoireacht aeráide an Aontais a neartú i gcomhar leis na Ballstáit, de mheon 'Foireann na hEorpa', trí chomhordú agus malartú faisnéise breise agus trí Líonra an Aontais um Thaidhleoireacht Ghlas agus an Grúpa Saineolaithe um Thaidhleoireacht Fuinnimh a neartú. Oibreoidh an Chomhairle i gcomhpháirt leis an Ardionadaí agus leis an gCoimisiún chun obair leantach agus faireachán a dhéanamh, trí mheasúnú rialta, anailísí comhpháirteacha, agus gníomhaíochtaí comhpháirteacha maidir le cur chun feidhme na gconclúidí seo, chun feabhas a chur ar thionchar ár dTaidhleoireachta Aeráide.